Cor Poist FCÁT ón nGaelAonad Trasearnála – Aibreán 2025

Gaoth an tSonais chugaibh,

Agus an Cháisc agus laethanta saoire na Cásca ag teannadh linn, ba mhaith leis an bhFoireann Tacaíochta FCÁT sa GhaelAonad in Oide uasdátú a thabhairt ar an obair atá ar siúl acu ar Fhoghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT). Is mian linn sna cora poist seo tú a choinneáil ar an eolas maidir leis an obair atá ar siúl againn agus na hacmhainní atá ag tacú lenár gcuid oibre a roinnt leat.

An Foireann Trasearnála, GaelAonad, Oide

Cad is FCÁT ann?

Cur chuige oideachasúil défhócasaithe í FCÁT ina n-úsáidtear ábhar eile chun teanga agus ábhar a fhoghlaim agus a mhúineadh. Freastalaíonn cur chuige FCÁT ar ghnéithe den churaclam a sholáthar trí theanga eile seachas gnáthmheán teagaisc na scoile.

FCÁT Tionscadal don Ghaeilge 2025/26 le fógairt go luath

Beidh an tionscadal FCÁT á fhógairt go luath don scoilbhliain **2025-2026**. Tabharfar cuireadh do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna, nár ghlac páirt sa tionscadal go dtí seo páirt a ghlacadh sa tionscadal. Osclófar an fhoirm léirithe spéise do scoileanna nua don bhliain seo chugainn sna seachtainí romhainn. Bí ag faire amach dó.

Tá tuilleadh eolais faoin tionscadal le fáil ar shuíomh Oide faoin gclib 'Oideachas trí mheán na Gaeilge' agus tiocfaidh tú ar shuíomh FCÁT atá le fáil ag an nasc seo. Nó is féidir dul i dteagmháil le hOide trí ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie agus beimid i dteagmháil leat.



Gaeilge Abú! Spórt Abú!



Ar mhaith leat an Ghaeilge a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí agus spórt i do scoil?

Tá Gaeilge Abú! Spórt Abú! deartha do mhúinteoirí i scoileanna meán-Bhéarla ar mian leo an Ghaeilge a fhorbairt trí chluichí agus spórt ar scoil. Beidh deis ag na rannpháirtithe iniúchadh a dhéanamh ar eispéiris foghlama thaitneamhacha, idirghníomhacha, chomh maith le straitéisí teagaisc éifeachtacha atá ailínithe le Curaclam Teanga na Bunscoile. Scrúdófar agus roinnfear acmhainní a thacaíonn le teagasc agus foghlaim na Gaeilge.

Cláraigh anseo: https://dms.oide.ie/event/public

FCÁT Bunscoile

Comhghairdeas le Bunscoileanna Bliain 2

Comhghairdeas leis na bunscoileanna Bliain 2 a chríochnaigh an tionscadal FCÁT le déanaí. Thug siad faoi 8 seachtaine de theagasc na Matamaitice ag baint leas as an gCur Chuige FCÁT agus bhain na páistí tairbhe is spórt as na ceachtanna bríomhara tascbhunaithe seo. Bhí spórt is spraoi ag na Naíonáin le gníomhaíochtaí sórtála agus patrún. Is bhí na hArdranganna gnóthach ag tomhais nithe éagsúla taobh istigh agus taobh amuigh den seomra ranga.

Tá ardmholadh ag dul do na scoileanna, na múinteoirí, is na páistí a ghlac páirt sa tionscadal.

Cliceáil anseo chun físeán de rang Mata leis an gcur chuige FCÁT a fheiceáil.



Ag úsáid dánta chun teanga an ábhair a mhúineadh: Sampla ó Aonad Oibre Samplach 4 na Naíonán.

Leid na Míosa

Úsáid dánta is rannta chun tacú leis na páistí teanga an ábhair a shealbhú. Mar shampla sa Mhata más maith leat go mbeidh na páistí in ann cur síos a dhéanamh ar phatrúin atá déanta acu féinig, is féidir rann nó dán beag a chumadh mar scafláil chuige seo.

Acmhainní Mata trí Ghaeilge ar shuíomh PMC Oide

Tabhair faoi deara go bhfuil neart acmhainní Mata trí Ghaeilge cruthaithe ag foireann ETIM Oide agus iad croctha ar an suíomh https://pmc.oide.ie/

Cabhraíonn sé sin le múinteoirí gníomhaíochtaí tascbhunaithe le fíorghá le cumarsáid a chur ar fáil do na páistí.

Eiseamláirí Iontacha ó shuíomh PMC Oide.

Corpoideachas trí Ghaeilge: Ceachtanna FCÁT Spraíúla agus Spreagúla do Ranganna Naíonán!

Tá an pacáiste d'acmhainní corpoideachais seo ó COGG dírithe ar an snáithe "lúthchleasaíocht" sa churaclam bunscoile do ranganna naíonán. Baintear úsáid as an gcur chuige FCÁT chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar shlí nádúrtha tríd an gcorpoideachas. Tá na hacmhainní go léir saor in aisce. Tá dialann chorpoideachais agus cuir i láthair PPT san áireamh leis an bpácáiste seo mar aon le físeáin thacaíochta le cabhair ó AI chun tacú le foghraíocht. Cliceáil ar an nasc seo agus cláraigh chun rochtain a fháil ar an bpacáiste seo.

Físeán Dea-chleachtais FCÁT Bunscoile ón CNCM

San fhíseán dea-chleachtais seo ón CNCM taispeántar páistí ó rang a ceathair i mbunscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla ag glacadh páirte i gceacht FCÁT. Múintear ceacht tíreolaíochta faoi na cúigí, na contaetha agus na haibhneacha trí mheán na Gaeilge. Cliceáil ar nasc seo chun teacht ar an bhfíseán faoin teideal 'Content and Language Integrated Learning (CLIL)'.

FCÁT Iar-Bhunscoile

Comhghairdeas leis na hIar-bhunscoileanna rannpháirteacha

D'éirigh go hiontach le tionscadal FCÁT Iar-bhunscoile i mbliana agus grúpa scoileanna ó cheann ceann na tíre ag glacadh páirte. Bhí múinteoirí ag teagasc na n-ábhar seo a leanas trí mheán na Gaeilge - Corpoideachas, Tíreolaíocht, Matamaitic, OSPS, OSSP agus Oideachas Reiligiúin le lucht an chéad bhliain.

Cuireadh tacaíocht ar fáil do na scoileanna rannpháirteacha ar bhonn seachtainiúil le linn an tionscadail agus is mór an dul chun cinn agus an comhoibriú idir scoileanna a bhí le feiceáil ó sheachtain go seachtain.

Tá ardmholadh ag dul do na scoileanna is na múinteoirí rannpháirteacha.

Múinteoirí Iar-bhunscoile FCÁT2024-2025



Acmhainn Úsáideach Iar-Bhunscoile

Moltar go láidir úsáid a bhaint as eagraithe grafacha chun tacú leis na scoláirí na coincheapa ábhair a thuiscint agus muid ag teagasc trí theanga eile. D'fhéadfadh an Leabhrán seo Eagraithe Grafacha ó Oide a bheith tacúil do mhúinteoirí agus an scafláil seo á hullmhú acu.

An Táirseach

Agus ceachtanna FCÁT á ullmhú ag múinteoir, is áis an-chabhrach Táirseach COGG, suíomh ar a bhfuil raon leathan acmhainní ilmhódacha atá cruthaithe ag múinteoirí, agus a bhfuil cáilíocht dearbhaithe acu, curtha ar fáil do mhúinteoirí eile.

An Tairseach
Acmhainní agus Tacaí do Mhúinteoirí
Pobail Chleachtais a Chruthú agus a Chothú



Má tá aon cheist agat faoin tionscadal seo, cuirimid an-fháilte roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie

Is muidne le meas,

An Foireann Trasearnála, GaelAonad, Oide